An Roinn Oideachais agus Eolaíochta **M.22T**

**Scrúdú Ardteistiméireachta, 2000**

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20**

**Ná freagair ach AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II). Tá na ceisteanna go léir ar chomh-mharc.**

**THALL ®**

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

## (Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1. Anraí VII**
Pléigh na forbairtí a tharla in Éirinn i rith réimeas Anraí VII, 1485 - 1509. (80)

**A.2. An Saol in Éirinn c.1500**
*I dtús an séú haois déag bhí a lán difríochtaí idir an saol mar a bhí in Éirinn na nGael agus an saol sa Pháil.*
Pléigh é sin. (80)

**A.3. Gearóid *Óg***
Déan plé ar conas a d'éirigh le Gearóid Óg, 9ú hIarla Chill Dara, i rith na tréimhse, 1513 – 1534. (80)

**A.4. Athruithe i gcúrsaí creidimh**
*Ba bheag toradh a bhí ar an hiarrachtaí chun athruithe a dhéanamh i gcúrsaí creidimh in Éirinn i rith réimis Anraí VIII, (1509 - 1547), agus Éadbhard VI, (1547 - 1553).*
Pléigh é sin. (80)

**A.5. Sir Anthony St Leger**
Sir Anthony St. Leger a bhí ina Fhear Ionaid i rith na tréimhsí, 1540 - 1548; 1550 - 1551; agus 1553 - 1556; déan plé ar an tuairim go raibh sé i bhfábhar polasaí chomhréitigh. (80)

### B

**B.1. Éire agus an Reifirméisean**
Déan plé ar an tuairim *gur beag tionchar a bhí ag an Reifirméisean ar Éirinn i rith réimeas Eilís I, 1558 - 1603*. (80)

**B.2. An Mhumha**
Cén fáth ar tháinig rialtas Eilís I, 1558 - 1603, ar chinneadh an Mhumha a phlandáil, agus cé mhéid dul chun cinn a bhí déanta ag an bplandáil sin faoi dheireadh réimeas na Bainríona Eilís? (80)

**B.3. Aodh Ó Néill, Iarla Thír Eoghain**
Cén fáth ar ghlac Aodh Ó Néill páirt leis na taoisigh Ultacha eile i gcoinne riail na dTúdarach in Éirinn? Déan plé ar na cúiseanna gur buadh air sa deire thiar thall. (80)

**B.4. Séamas I**
Déan plé ar an tionchar a bhí ag réimeas Shéamas I, 1603 - 1625, ar Éirinn. (80)

**B.5. Bailte Móra na hÉireann**
Déan trácht ar an bhforbairt a tháinig ar bhailte móra in Éirinn sa tréimhse, 1477 - 1625. Ba chóir duit tagairt i do fhreagra do dhá bhaile ar leith ar a laghad. (80)

### C

**C.1. Monarcachtaí**
Déan plé ar na modhanna a d'úsáid Lughbhaidh XI na Fraince, (1461 - 1483), **nó** an tImpire Maximilian, (1493 - 1519), chun an chumhacht ríoga a bhunú go láidir. (80)

**C.2. An Renaissance san Iodáil**
*Bhí ionad lárnach sa Renaissance ag an Iodáil mar gheall ar fhlaithiúlacht a cuid patrúin agus na scileanna a bhí ag a cuid ealaíontóirí.*
Pléigh é sin. (80)

**C.3. Renaissance an Tuaiscirt**
Déan plé ar na bealaí éagsúla ina raibh difríocht idir Renaissance an Tuaiscirt agus an Renaissance san Iodáil. (80)

**C.4. An Reifirméisean**
Déan trácht ar scaipeadh an Liútaránachais sa Ghearmáin idir na blianta 1517 agus 1555. (80)

**C.5. Turais Taiscéalaíochta**
Tabhair cúiseanna leis na turais taiscéalaíochta a rinne na Portaingéalaigh agus na Spáinnigh agus tabhair breithmheas ar an tionchar a bhí ag na turais sin ar an Eoraip. (80)

## D

**D.1.** **Séarlas V**
*Níor éirigh le Séarlas V aon cheann dá chuid aidhmeanna a bhaint amach.*
An aontaíonn tú? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
(80)

**D.2.** **Anraí VIII agus an Reifirméisean i Sasana**
Breacrianaigh na cúinsí go dtáinig díobh briseadh Anraí VIII leis an bPápacht, agus pléigh na hathruithe a tharla i gcúrsaí creidimh i Sasana suas go dtí a bhás sa bhliain 1547.
(80)

**D.3.** **Sár Ivan IV, *'An Uafáis'***
Déan plé ar na modhanna a d'úsáid Sár Ivan IV, 'An Uafáis', (1553 - 1584), chun a chumhacht a mhéadú agus teorainneacha an stáit a leathnú.
(80)

**D.4.** **Pilib II na Spáinne**
*Tharla meath na Spáinne mar ollchumhacht le linn réimeas Philib II, (1559 - 1598).*
Pléigh é sin.
(80)

**D.5.** **Anraí IV na Fraince**
Déan cur síos ar na cúinsí ba chúis le teacht i bhfeidhm Anraí Navarre mar Rí ar an bhFrainc agus tabhair breithmheas ar an tionchar a bhí ag a réimeas ar an bhFrainc suas go dtí a bhás sa bhliain 1610.
(80)

## E

**E.1.** **Éire, 1477 – 1625**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an topaic i Stair na hÉireann, 1477-1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** agus Ranna **A** agus **B** á bhfreagairt agat.
(55)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar d'ábhar taighde agus déan plé ar na láidreachtaí agus na laigí atá ag an bpríomh-fhoinse.
(15)

**(iii)** Cén léargas atá faighte agat ar chuid den chúrsa a ainmníonn tú de bharr an taighde seo?
(10)

**E.2.** **Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a lenas:

**(i)** Piers Rua Buitléir.
**(ii)** Polasaí *Géilleadh agus Athbhronnadh*.
**(iii)** Roinnt ban iomráiteach in Éirinn sa séú haois déag.
**(iv)** Seán Ó'Néill.
**(v)** Parlaimint in Éirinn na dTúdarach.
(80)

**E.3.** **An Eoraip, 1453 - 1618**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an topaic i stair na hEorpa, 1453-1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** agus Ranna **C** agus **D** á bhfreagairt agat.
(55)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar d'ábhar taighde agus déan plé ar na láidreachtaí agus na laigí atá ag an bpríomh-fhoinse.
(15)

**(iii)** Cén léargas atá faighte agat ar chuid den chúrsa a ainmníonn tú de bharr an taighde seo?
(10)

**E.4.** **Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Dálaí maireachtála agus dálaí oibre i mbailte móra san Eoraip, 1453 - 1618.
**(ii)** Erasmus **nó** Savonarola.
**(iii)** Cumann Íosa (na hÍosánaigh).
**(iv)** Na dálaí creidimh agus na dálaí polaitíochta ba chúis leis an gCogadh Tríocha Bliain.
**(iv)** Forbairtí in eolaíocht agus i gcúrsaí leighis, 1453 - 1618.
(80)

**THALL ®**

**CÚRSA II**
**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

## A

**A.1. Isaac Butt**
*Cé go raibh laigí suntasacha i bpáirtí Butt, agus in Butt é féin mar cheannaire, mar sin féin réitigh sé an bóthar do Pharnell.*
Pléigh é sin.
(80)

**A.2. C.S. Parnell**
Tabhair cúiseanna le titim Pharnell agus tabhair breithmheas gairid ar an tionchar a bhí ag an titim sin ar fhorbairtí a tharla ina dhiaidh san i stair na hÉireann.
(80)

**A.3. Gluaiseacht an Lucht Oibre in Éirinn**
Déan trácht ar conas a d'éirigh le gluaiseacht an lucht oibre suas go dtí Olltoghchán na bliana 1918.
(80)

**A.4. Aontachtas in Éirinn, 1886 - 1914**
Pléigh seasamh na nAontachtóirí in aghaidh Féin-Rialtais d'Éirinn i rith na tréimhse, 1886 - 1914.
(80)

**A.5. Sinn Féin**
Tabhair cúiseanna le bunús agus le teacht i dtreis Shinn Féin suas go dtí Olltoghchán na bliana 1918.
(80)

## B

**B.1. Eamon de Valera**
Déan trácht ar an bpáirt a ghlac Eamon de Valera i gcúrsaí na hÉireann ó Olltoghchán na bliana 1918 suas go dtí go ndeachaigh a pháirtí isteach mar rialtas na tíre seo sa bhliain 1932.
(80)

**B.2. Polasaithe Eacnamaíocha**
Déan plé ar na polasaithe eacnamaíocha a chuir Rialtais na hÉireann i bhfeidhm sna blianta idir 1922 agus 1948.
(80)

**B.3. Tuaisceart Éireann**
Cad iad na fadhbanna a bhí le réiteach ag rialtas Thuaisceart Éireann i rith na tréimhse, 1920 - 1945, agus déan breithmheas ar cé chomh héifeachtach is a réitíodh na fadhbanna sin.
(80)

**B.4. Polasaí Eachtrach na hÉireann**
Pléigh príomh-ghnéithe an pholasai a lean rialtais na hÉireann (cúrsaí Angla-Éireannacha san áireamh) sa tréimhse, 1932 - 1966.
(80)

**B.5. Seán Lemass**
Tabhair breithmheas criticiúil ar na polasaithe intíre a lean Seán Lemass le linn dó a bheith ina Thaoiseach, 1959 - 1966.
(80)

## C

**C.1. Caidreamh idir an Eaglais agus an Stát, 1870 - 1914**
*Ba mhór an teannas a bhí ann idir an Eaglais agus an Stát i dtíortha Eorpacha sa tréimhse, 1870 - 1914.*
Pléigh é sin.
(80)

**C.2. Caidreamh Angla-Ghearmánach, 1870 - 1914**
Déan plé ar an gcaidreamh a bhí ann idir an Bhreatain Mhór agus an Ghearmáin sa tréimhse, 1871 - 1914.
(80)

**C.3. An Sár Nioclás II, 1894 - 1917**
*I rith réimeas an tSáir Nioclás II, 1894 - 1917, thárla réabhlóid sa Rúis féin agus bhí cogadh á throid ag an tír thar lear.*
Pléigh é sin. (80)

**C.4. An Chéad Chogadh Domhanda, 1914 - 1918**
Déan cur síos ar na príomh-fhorbairtí i gcúrsaí cogaidh a tharla i rith an Chéad Chogaidh Domhanda, 1914 - 1918. (80)

**C.5. An Ghearmáin faoi cheannas Weimar, 1919 - 1933**
Déan trácht ar láidreachtaí agus ar laigí na Gearmáine faoi cheannas Weimar, 1919 - 1933. (80)

## D

**D.1.** **An tSochaí agus an Geilleagar san Eoraip, 1919 - 1939**
Déan trácht ar na príomh-fhorbairtí i sochaí agus i ngeilleagar na hEorpa i rith na tréimhse, 1919 - 1939.
(80)

**D.2.** **Cogadh Cathartha na Spáinne**
Tabhair cúiseanna le briseadh amach an chogaidh chathartha sa Spáinn agus taispeáin conas a d'athraigh an cogadh ina chogadh idirnáisiúnta.
(80)

**D.3.** **Caidreamh Idirnáisiúnta, 1933 - 1939**
Déan breithmheas criticiúil ar an tuairim *gurb é polasaí eachtrach ionsaitheach Hitler an phríomh-chúis a bhí leis an Dara Cogadh Domhanda*.
(80)

**D.4.** **Charles de Gaulle**
Tabhair breithmheas ar an bpáirt a ghlac Charles de Gaulle i stair na Fraince.
(80)

**D.5.** **Aontacht Eorpach**
Déan trácht ar an dul chun cinn i dtreo aontachta Eorpaí idir 1945 agus 1966.
(80)

## E

**E.1.** **Éire, 1868 - 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an topaic i stair na hÉireann, 1868 - 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** agus Ranna **A** agus **B** á bhfreagairt agat.
(55)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar d'ábhar taighde, agus déan plé ar na láidreachtaí agus na laigí atá ag an bpríomh-fhoinse.
(15)

**(iii)** Cén léargas atá faighte agat ar chuid den chúrsa a ainmníonn tú de bharr an taighde seo?
(10)

**E.2.** **Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Imirce agus a tionchar in Éirinn, 1868 - 1966.
**(ii)** Náisiúnachas cultúrtha in Éirinn, 1884 - 1916.
**(iii)** Mar a bhí ag an nGaedhilge, 1922 - 1966.
**(iv)** Gluaiseacht na Léinte Gorma.
**(v)** An Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 - 1951.
(80)

**E.3.** **An Eoraip, 1870 - 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an topaic i stair na hEorpa, 1870 - 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** agus Ranna **C** agus **D** á bhfreagairt agat.
(55)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar d'ábhar taighde agus déan plé ar na láidreachtaí agus na laigí atá ag an bpríomh-fhoinse.
(15)

**(iii)** Cén léargas atá faighte agat ar chuid den chúrsa a ainmníonn tú de bharr an taighde seo?
(10)

**E.4.** **Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** An Cogadh Franc-Phrúiseach, 1870 - 1871, agus an tionchar a bhí aige ar an Eoraip.
**(ii)** *An Dara Réabhlóid Thionsclaíoch*, 1870 - 1914.
**(iii)** An tionchar a bhí ag an náisiúnachas ar an Impireacht Ostra-Ungárach, 1870 - 1918.
**(iv)** Conradh na Náisiún.
**(v)** Konrad Adenauer.
(80)